# An Bord Pleanála

# Beartas Cosanta Sonraí maidir le TCI

## Clár Ábhar


**1.0 Réamhrá** ..... 3

**2.0 Cuspóir an Bheartais** ..... 3

**3.0 Dlíthiúlacht** ..... 3

**4.0 Riachtanas agus Comhréireacht** ..... 4

**5.0 Slándáil Sonraí Pearsanta** ..... 5

**6.0 Stóráil, Coinneáil agus Scriosadh** ..... 5

**7.0 Trédhearcacht** ..... 6

**8.0 Próiseálaithe Sonraí** ..... 6

**9.0 Iarraidh Rochtana ó Ábhair Sonraí** ..... 7

**10.0 Sonraí Píosaí Scannáin TCI a Nochtadh do Thríú Páirtithe** ..... 8

**11.0 Athbhreithniú Beartais** ..... 10

**Croineolaíocht an Timthrialla Athbhreithnithe agus Leasaithe** ..... 10

## 1.0 Réamhrá

1.1 Tá Córas Teilifíse Ciorcaid Iata (TCI) suiteáilte sa Bhord Pleanála ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

1.2 Tá an beartas seo ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2016 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

1.3 Cuirtear san áireamh sa bheartas seo an treoir reatha (Samhain 2023) a d'eisigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí maidir le TCI a úsáid.

## 2.0 Cuspóir an Bheartais

2.1 Ceanglaítear leis na prionsabail um chosaint sonraí go ndéanfaí sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus nach ndéanfaí iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin.

2.1 Is é cuspóir an bheartais seo rialáil a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as TCI agus as an teicneolaíocht a bhaineann leis le linn faireachán a dhéanamh ar thimpeallacht inmheánach agus sheachtrach fhoirgneamh oifigí an Bhoird Pleanála.

2.3 Toirmisctear leis an mbeartas seo aon iarracht ar theicneolaíochtaí slándála TCI a úsáid chun críocha eile. Ní úsáidfear TCI, mar shampla, chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht ball foirne.

## 3.0 Dlíthiúlacht

Tá an úsáid a bhaineann an Bord Pleanála as córas TCI i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(f) RGCS, toisc gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá aige ina chuid maoine agus sócmhainní a chosaint agus i sábháilteacht comhaltaí Boird, ball foirne agus daoine a úsáideann an foirgneamh oifigí a chothabháil.

## 4.0 Riachtanas agus Comhréireacht

4.1 Tá córas TCI suiteáilte chun faireachán seachtrach a dhéanamh ar imlíne an fhoirgnimh oifigí chun críocha slándála, agus tá sé suiteáilte go hinmheánach ar an mbunurlár agus tá sé suite ar bhalcóin sheachtrach an chúigiú hurlár ar mhaithe le slándáil a fheabhsú agus sláinte agus sábháilteacht comhaltaí Boird, ball foirne agus daoine a úsáideann an foirgneamh oifigí a chosaint.

4.2 Is chun na gcríoch seo a leanas a dhéantar faireachas TCI ag an oifig:

- an foirgneamh agus na sócmhainní a chosaint, le linn uaireanta oifige agus ina ndiaidh araon;
- sláinte agus sábháilteacht comhaltaí Boird, ball foirne agus custaiméirí a chur chun cinn;
- faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

4.3 Go seachtrach, tá ceamaraí suiteáilte agus suite i sé shuíomh:

- Ceann amháin ar Shráid Maoilbhríde
- Dhá cheann ar Phlás Findlater
- Dhá cheann ar Chúirt Strong
- Ceann amháin ar bhalcóin sheachtrach an cúigiú hurlár

Go hinmheánach, tá naoi gceamara suiteáilte agus suite ar an mbunurlár:

- Ceithre cinn sa Limistéar Fáiltithe
- Ceann amháin i Seomra Maoilbhríde
- Ceann amháin i ngach ceann de na trí sheomra cruinnithe (Seomra Parnell, Seomra Sheáin Mhic Dhiarmada agus Seomra Chathail Brugha)
- Ceann amháin sa halla chuig Seomra Parnell

Leibhéal Íoslaigh - ceithre cheamara atá suite i mbealach isteach an íoslaigh/an charrchlóis.

## 5.0 Slándáil Sonraí Pearsanta

5.1 Is criptithe agus cosanta ag pasfhocal atá an córas TCI lena stóráiltear na píosaí scannáin TCI agus lena ndéantar faireachán orthu.

5.2 Tá an córas TCI suite sa limistéar slándála ar an mbunurlár, agus oibríonn Pearsanra Slándála é faoin gConradh Bainistíochta Saoráidí.

5.3 Níl rochtain ach ag pearsanra údaraithe ar na píosaí scannáin TCI agus ní fhéadfaidh ach an pearsanra sin amharc orthu.
Is é an pearsanra údaraithe ná an Pearsanra Slándála agus an tOifigeach Cosanta Sonraí/an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí.
Níl ach an tOifigeach Cosanta Sonraí/an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí údaraithe chun rochtain a thabhairt d'ábhar sonraí chun amharc ar phíosaí scannáin TCI nó chun píosaí scannáin TCI a eisiúint tar éis iarraidh a fháil. Maidir le hiarrataí rochtana a dhéantar chun amharc ar thaifeadadh de na píosaí scannáin TCI nó chun taifeadadh den sórt sin a fháil, iontrálann an Pearsanra Slándála sa limistéar slándála iad isteach i Loga Rochtana TCI.

5.4 Tá an tOifigeach Riaracháin Sinsearach i mBainistíocht Saoráidí agus Comhshaoil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil an Chórais TCI faoin gConradh Bainistíochta Saoráidí.

## 6.0 Stóráil, Coinneáil agus Scriosadh

6.1 Luaitear in Airteagal 5(1)(e) RGCS go ndéanfar sonraí *"a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach"*. Tá tréimhse choinneála réamhshocraithe **30 lá** ag an gcóras taifeadta TCI, rud arb ionann é agus an tréimhse inghlactha uasta faoin Treoir ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

6.2 I gcás go sainaithnítear píosaí scannáin a bhaineann le teagmhas ar leith, is féidir go mbeidh údar le tréimhse choinneála níos faide i ndáil leis an gcuid ar leith de na píosaí scannáin lena mbaineann, mar shampla i gcás imscrúdú ar thimpiste san áit oibre nó i gcás gur féidir go n-úsáidfear píosaí scannáin mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Déantar na píosaí scannáin sin a scaradh amach ó na taifeadtaí ginearálta trí iad a chur ar mhéaróg USB, agus coinnítear go slán iad chun na críche a tháinig chun cinn.

6.3 Maidir le píosaí scannáin ar mhéaróg USB a choinnítear ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse choinneála chun críche ar leith, scriosfar iad a luaithe a bheidh an tsaincheist réitithe. Coinneoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí/an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí taifead ar an scriosadh.

## 7.0 Trédhearcacht

7.1 Tá cóip den Bheartas Cosanta Sonraí maidir le TCI ar fáil do bhaill foirne agus do chomhaltaí Boird ar shuíomh SharePoint RGCS, agus tá sí ar fáil do chonraitheoirí agus do chuairteoirí ar an oifig sa limistéar fáiltithe. Tá an beartas ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála: www.pleanala.ie.

7.2 Tá comharthaí curtha in airde ag gach suíomh ina bhfuil ceamara TCI suite chun a léiriú go bhfuil TCI i bhfeidhm. Áirítear leis na comharthaí ainm agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí, is é sin an Bord Pleanála.

## 8.0 Próiseálaithe Sonraí

8.1 Le hAirteagal 32 RGCS, cuirtear roinnt oibleagáidí ar Phróiseálaithe Sonraí. Áirítear leo sin bearta iomchuí slándála a bheith i bhfeidhm acu chun cosc a chur ar scriosadh, cailliúint, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar shlí eile, nó ar rochtain ar na sonraí sin, go háirithe i gcás go mbaineann an phróiseáil le

sonraí a tharchur thar líonra, agus chun cosc a chur ar gach cineál neamhdhleathach próiseála.

8.2 Tá an córas TCI á oibriú ag cuideachta slándála atá fochonraithe tríd an gConraitheoir Bainistíochta Saoráidí. Tá conradh scríofa i bhfeidhm ag an gConraitheoir leis an gcuideachta slándála, ina mionsonraítear na limistéir a bhfuil faireachán le déanamh orthu, cá fhad a choinneofar sonraí, an úsáid a fhéadfaidh an chuideachta slándála a bhaint as na sonraí, na caighdeáin slándála ba cheart a bheith i bhfeidhm, agus na nósanna imeachta fíorúcháin a bhfuil feidhm acu.

Luaitear sa chonradh scríofa go dtabharfaidh an chuideachta slándála don Bhord Pleanála an cúnamh réasúnach ar fad chun déileáil le haon iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a gheobhaidh an Bord Pleanála faoi Airteagal 15 RGCS laistigh den chreat ama reachtúil (mí féilire amháin, i bhformhór na gcásanna).

Cuireadh baill foirne na cuideachta slándála ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu maidir le slándáil sonraí.

## 9.0 Iarraidh Rochtana ó Ábhair Sonraí

9.1 Leis an dlí cosanta sonraí, tugtar ceart do dhaoine aonair rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta. Tá feidhm ag an gceart rochtana sin maidir le haon duine aonair ar taifeadadh a (h)íomhá in-sainaitheanta le córas TCI. Nuair a fhaigheann an Bord Pleanála iarraidh ó dhuine aonair chun sonraí TCI a rochtain, is gnách go dtabharfaidh sé freagra laistigh de **mhí amháin**.

9.2 Chun próiseáil na hiarrata a éascú, iarrfaidh an Bord Pleanála ar an duine aonair nod réasúnach a thabhairt faoi dháta agus am na bpíosaí scannáin atá á lorg aige/aici. Más rud é gur scriosadh an taifeadadh cheana féin tráth a fhaightear an iarraidh agus go bhfuil an tréimhse choinneála shainithe dulta in éag, cuirfear in iúl don duine aonair nach ann do na píosaí scannáin lena

mbaineann a thuilleadh. Más rud é go bhfuarthas iarraidh rochtana, ní scriosfar na píosaí scannáin go dtí go mbeidh an iarraidh comhlíonta.

9.3 Agus cóip dá s(h)onraí á tabhairt do dhuine aonair, féadfaidh an Bord Pleanála stadán/sraith pictiúr socair nó méaróg USB ina bhfuil na píosaí scannáin iomchuí a sholáthar. I gcás gur gá, féadfar bearta a dhéanamh chun íomhánna ina bhfuil páirtithe in-sainaitheanta eile a phicteilíniú nó a dhí-shainaithint ar shlí eile sula soláthrófar cóip de na píosaí scannáin don iarrthóir. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an Bord Pleanála, nuair is féidir, toiliú a lorg ó na páirtithe eile sin a bhfuil a n-íomhánna le feiceáil sna píosaí scannáin chun cóip gan eagarthóireacht ina bhfuil a n-íomhánna a eisiúint chuig an iarrthóir.

9.4 Féadfar iarrataí rochtana a dhéanamh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí nó chuig an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí trí scríobh chuig an seoladh seo a leanas: An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902. Féadfar iad a dhéanamh freisin trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@pleanala.ie nó chuig dpo@pleanala.ie.

9.5 Más rud é nach bhfuil ábhar sonraí sásta leis an bhfreagra a fuarthas ar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí, tá sé de cheart ag an ábhar sonraí gearán a thaisceadh ar líne leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag www.dataprotection.ie.

## 10.0 Sonraí Píosaí Scannáin TCI a Nochtadh do Thríú Páirtithe

10.1 Is féidir go n-iarrfar ar an mBord Pleanála ó am go ham taifeadtaí TCI a nochtadh do thríú páirtithe chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a fuarthas na taifeadtaí ar dtús. Tarlaíonn sé sin, mar shampla, i gcás go

bhfaightear iarraidh ón nGarda Síochána (nó ó chomhlacht eile forfheidhmithe dlí) chun píosaí scannáin a sholáthar chun cabhrú le cion coiriúil a imscrúdú.

10.2 Níor cheart géilleadh d'iarrataí ón nGarda Síochána (nó ó chomhlacht eile forfheidhmithe dlí) chun cóipeanna de phíosaí scannáin TCI a fháil ach amháin i gcás go soláthraítear iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn chuig an mBord Pleanála á rá go bhfuil sé ag imscrúdú ní coiriúil.

10.3 Chun críocha praiticiúla, agus chun iarraidh a bhrostú go pras i gcásanna práinneacha, is féidir gur leor iarraidh ó bhéal chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí/an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí chun eisiúint na bpíosaí scannáin atá á lorg a cheadú. Ba cheart iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn a dhéanamh tar éis aon iarraidh ó bhéal den sórt sin, áfach.
**Nóta:** Is é/í an tOifigeach Cosanta Sonraí/an Leas-Oifigeach Cosanta Sonraí, agus an duine sin amháin, a údaróidh iarrataí rochtana ó thríú páirtithe chun amharc ar phíosaí scannáin TCI ón gcóras TCI nó chun taifeadadh a fháil díobh, agus taifeadfar na hiarrataí sin i Loga Rochtana TCI ag an Deasc Slándála.

10.4 Is féidir go n-iarrfar ar an mBord Pleanála píosaí scannáin TCI a sholáthar do thríú páirtí chun teagmhas a imscrúdú. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an nós imeachta measúnaithe céanna a cuireadh i bhfeidhm i leith na críche bunaidh a chur i bhfeidhm i leith na críche nua chun a chinneadh an féidir údar a thabhairt leis na píosaí scannáin a sholáthar ar mhaithe le fíorleas dlisteanach atá ag an mBord Pleanála nó ag páirtí eile a shaothrú. Déanfar measúnú ar an méid sin ar bhonn cás ar chás chun a chinntiú go gcloífear leis na prionsabail um chosaint sonraí agus nach ndéanfar aon dochar do na cearta atá ag daoine aonair.

## 11.0 Athbhreithniú Beartais

11.1 Déanfar measúnú ar an mbeartas seo uair amháin sa bhliain ar a laghad chun a chinneadh an gá é a leasú chun aon athruithe sna timpeallachtaí iomchuí reachtacha, dlíthiúla nó treorach láir a chur san áireamh nó mar gheall ar an eispéireas praiticiúil leis an mbeartas agus na nósanna imeachta gaolmhara a oibriú san áit oibre. Déanfar athbhreithniú substainteach iomlán ar an mbeartas gach **trí** bliana ar a laghad.

### Croineolaíocht an Timthrialla Athbhreithnithe agus Leasaithe

| | |
|---|---|
| Céadghlacadh ag an mBord | Bealtaine 2018 |
| Leasú Beag ag an Oifigeach Cosanta Sonraí | Deireadh Fómhair 2021 |
| Athbhreithniú agus leasú ag an Oifigeach Cosanta Sonraí | Aibreán 2025 |